







Following are several expressions that can be used in a classroom.			
1.	Tagaigí isteach.	Come in.	
2.	Suígí síos le bhur dtoil.	Sit down please.	
3.	Ciúnas le bhur dtoil.	Quiet please.	
4.	Éistigí le bhur dtoil.	Listen please.	
5.	Tosaimis anois.	Let's begin.	
6.	Conas a deirtear ... as Gaeilge?	How do you say ... in Irish?	
7.	Conas a deirtear ... as Béarla?	How do you say ... in English?	
8.	Cén Ghaeilge atá ar ...?	What's the Irish for ...?	
9.	Cén Béarla atá ar ...?	What's the English for ...?	
10.	Cad is brí le ...?	What is the meaning of ...?	
11.	Conas a litrítear é?	How do you spell it?	
12.	An dtuigeann tú?	Do you understand?	
13.	Tuigim.	Yes (I understand).	
14.	Ní thuigim.	No (I don't understand).	
15.	Níor thuig mé é sin.	I didn't understand that.	
16.	Gabh mo leithscéal.	Excuse me.	
17.	An féidir leat é a rá arís?	Can you say it again?	
18.	An féidir leat é a rá níos moille?	Can you say it more slowly?	
19.	Níor chuala mé cad a dúirt tú.	I didn't hear what you said.	
20.	An bhfuil a fhios agat?	Do you know?	
21.	Níl a fhios agam.	I don't know.	
22.	An bhfuil ceist ag éinne?	Does anyone have a question?	
23.	Tá ceist agam.	I have a question.	
24.	Aon duine eile?	Anyone else?	
When reporting back what someone said, <b>dúirt</b> (said) is used with a form of <b>go, gur, nach</b> or <b>nár</b> .			
25.	An <b>bhfuil</b> tú go maith?	Are you well?	
26.	<b>Tá</b> mé go maith.	I am well.	Dúirt sé <b>go bhfuil</b> sé go maith.
27.	<b>Níl</b> mé go maith.	I am not well.	Dúirt sé <b>nach bhfuil</b> sé go maith.
28.	An <b>raibh</b> tú tinn?	Were you sick?	
29.	<b>Bhí</b> mé tinn.	I was sick.	Dúirt sé <b>go raibh</b> sé tinn.
30.	<b>Ní raibh</b> mé tinn.	I wasn't sick.	Dúirt sé <b>nach raibh</b> sé tinn.
31.	An maith leat cáis?	Do you like cheese?	
32.	<b>Is</b> maith liom cáis.	I like cheese.	Dúirt sé <b>gur</b> maith leis cáis.
33.	<b>Ní</b> maith liom cáis.	I don't like cheese.	Dúirt sé <b>nach</b> maith leis cáis.
34.	<b>Ar</b> mhaith leat cáis?	Would you like cheese?	
35.	<b>Ba</b> mhaith liom cáis.	I'd like cheese.	Dúirt sé <b>gur</b> mhaith leis cáis.
36.	<b>Níor</b> mhaith liom cáis.	I wouldn't like cheese.	Dúirt sé <b>nár</b> mhaith leis cáis.
37.	An bhfanann tú sa bhaile?	Do you stay at home?	
38.	Fanaim sa bhaile.	I stay at home.	Dúirt sé <b>go bhfanann</b> sé sa bhaile.
39.	<b>Ní</b> fhanaim sa bhaile.	I don't stay at home.	Dúirt sé <b>nach bhfanann</b> sé sa bhaile.
40.	<b>Ar</b> fhan tú sa bhaile?	Did you stay at home?	
41.	<b>D'</b> fhan mé sa bhaile.	I stayed at home.	Dúirt sé <b>gur fhan</b> sé sa bhaile.
42.	<b>Níor</b> fhan mé sa bhaile.	I didn't stay at home.	Dúirt sé <b>nár fhan</b> sé sa bhaile.

1.		<p>a. Cad é seo?</p> <p>b. Cad a dhéanann tú leis?</p> <p>c. Cá bhfaigheann tú é?</p> <p>d. An bhfuil sé daor?</p> <p>e. An bhfuil ceann agat féin?</p>
2.		<p>a. Cad atá sa phictiúr seo?</p> <p>b. Cá bhfaigheann tú í?</p> <p>c. Cad a dhéantar léi?</p> <p>d. Cad as a dhéantar í?</p> <p>e. Cad a dhéantar aisti?</p>
3.		<p>a. Cad atá sa phictiúr ar chlé?</p> <p>b. An maith leat iad?</p> <p>c. An bhfuil ceann agat?</p> <p>d. Cad is ainm dó?</p> <p>e. Cad a itheann sé?</p>
4.		<p>a. Cén saghas rud é seo?</p> <p>b. Cad as a dhéantar é?</p> <p>c. An bhfuil ceann agat sa bhaile?</p> <p>d. An bhfuil ceann sa seomra seo?</p> <p>e. An bhfuil sé ar oscailt nó dúnta?</p>
5.		<p>a. Cén tír atá sa phictiúr seo?</p> <p>b. An raibh tú ann riamh?</p> <p>c. Ar thaitin an turas leat?</p> <p>d. An mbeidh tú ag dul ann am ar bith?</p> <p>e. Cén teanga a labhraítear ann?</p>
6.		<p>a. Cén tír atá sa phictiúr seo?</p> <p>b. An raibh tú ann riabh?</p> <p>c. Cad a rinne tú ansin?</p> <p>d. Cén teanga a labhraítear ansin?</p> <p>e. Cén bia a itear ansin?</p>